

# Oide Scoile ina Scríbhneoir Gaeilge

Marie Whelton

## Réamhfhocal

Léiríonn aistí eile sa chnuasach seo gur bhog Aodán Mac Suibhne lasmuigh de bhallaí an tseomra ranga ar go leor bealaí éagsúla i rith a ghairme. Tríd an scríbhneoireacht, ní hamháin gur bhog sé lasmuigh den seomra ranga ach ba í an scríbhneoireacht a lig dó tarraingt as a stór taithí mar chleachtóir chun tionchar a imirt ar sheomraí ranga eile i ngach cearn den tír. San aiste ghearr seo tabharfar turas tapa ar na foilseacháin atá curtha ar fáil aige go dtí seo, déanfar iad a shuíomh i gcomhthéacs forbairtí náisiúnta san oideachas Gaeilge agus pléifear gnéithe dá dtionchar. Tar éis an ailt, cuirfear liosta d'fhoilseacháin Aodáin ar fáil.

## Dúshraith sa Scríbhneoireacht

Go luath ina ghairm mhúinteoireachta, d'fhreastail Aodán go páirtaimseartha ar Choláiste na Tríonóide áit ar bronnadh céim M.Litt. (Teangacha agus Litríochtaí Ceilteacha) air sa bhliain 1989 as tráchtas dhá imleabhar dar teideal: "Stair Sheachtrach an Úrscéil 1882-1932." Ba é an tOllamh Cathal Ó Háinle an stiúrthóir taighde a bhí aige. Chomh maith le máistreacht a bhaint amach agus é ina mhúinteoir óg, bhain Aodán an tArdteastas Gaeilge amach, freisin, sa bhliain 1982. Thug an dá cháilíocht bhreise sin dúshraith sa teanga agus go háirithe i gcruinnscriobh na Gaeilge dó.

## Téacsleabhair Bhunscoile

Chuaigh an dúshraith sin sa teanga go mór chun tairbhe dó nuair a thosaigh sé ag scríobh don Chomhlacht Foilsitheoireachta, Folens. Go deimhin, d'fhoilsigh sé dhá théacsleabhar bunscoile faoi chúrsaí cruinnis ag tús na nóchaidí agus is dea-theist ar a fhiúntas agus ar a shoiléireacht é go bhfuil ceann acu fós i gcló agus ar leabharliostaí bunscoile nach mór tríocha bliain ar aghaidh (Mac Suibhne 1994). Cnuasach de chleachtaí gramadaí do ranganna sinsearacha bunscoile is ea é.

Téacsleabhar eile leis a d'imir tionchar fadtéarmach ar pháistí bunscoile ná an leabhar léitheoireachta, *Dioscó na mBó*, a foilsíodh ar dtús sa bhliain 1990. Is é seo thíos an cur síos a dhéanann an blagadóir, Cormac (CJ) McCanney, ar an tionchar a bhí ag an leabhar sin, agus ag na leabhair eile

sa tsraith, ar ghlúin de pháistí bunscoile in Éirinn:

*Ré Nua* (meaning New Era) was a series of Irish language books for kids from Junior Infants to Sixth Class, that were published by Folens... If you attended primary school in Ireland between the mid-1980s and the mid-1990s it is possible you used these books in school. It's probably self-evident why I've posted these scans from the books. I think they're gorgeous, beautifully illustrated, and were perhaps the best schoolbooks I ever used. If I can string a sentence together in Irish nowadays it is in no small part thanks to them... there is at least one Irish band named for one of the books (*Dioscó na mBó*) which is perhaps some indicator that these books are fondly remembered by people other than me (McCanney 2014).

Is fiú a chur san áireamh go ndearnadh teagmháil le Cormac McCanney mar chuid den taighde don alt seo agus gur luaigh sé go bhfaigheann sé an-chuid fiosraithe faoi na leabhair sa tsraith ó dhaoine atá ag iarraidh iad a cheannach. Rinneadh teagmháil trí ríomhphost, freisin, le Steven ón mbanna ceoil a luaitear thuas – “Dioscó na mBó” – agus dheimhnigh sé go ndeachaigh na hÍomhánna de na trí bhó ag damhsa i bhfeidhm ar bhaill an bhanna agus gur thug an téacsleabhar a ainm don bhanna ceoil sin – banna atá fós i mbun ceoil.

Mar atá sonraithe ag Caoimhe Máirtín ina halt sa chnuasach seo, ba bhall lárnach é Aodán den fhoireann a dhréachtaigh *Curaclam na Bunscoile. Gaeilge. Teanga* (1999) agus *Curaclam na Bunscoile. Gaeilge. Teanga. Treoirlínte do Mhúinteoirí* (1999a) don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Ag tarraingt ar an taighde ba dhéanaí ag an am, leagadh béim i gcuraclam 1999 ar an nGaeilge mar theanga bheo chumarsáide, ar an gcur chuige cumarsáideach agus ar mhodheolaíochtaí don fhoghlaim ghníomhach thaitneamhach. Is curaclam é a bhí in úsáid i mbunscoileanna go dtí Meán Fómhair, 2016. Sa bhliain sin thóg *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2015, 2019) a áit agus tógann an curaclam nua (2019: 4) ar na ‘láidreachtaí’ a bhí ar *Curaclam na Bunscoile. Gaeilge. Teanga* (1999).

Sna blianta tar éis fhoilsiú an churaclaim, thacaigh Aodán Mac Suibhne lena chur i bhfeidhm i scoileanna trí théacsleabhair a scríobh agus a chur in eagar. Sa bhliain 2003, mar shampla, chuir Folens scéim chomhtháite iomlán ar fáil chun tacú le curaclam 1999. Bhí Aodán ina Eagarthóir Comhairleach ar an scéim go léir agus ina Údar ar na háiseanna a cuireadh ar fáil do Rang a Dó agus do Rang a Ceathair. Bhí póstaer, puipéid, cártaí an mhúinteora, leabhar Gaeilge an pháiste do gach rang agus dlúthdhiosca san áireamh

sa scéim sin. Is scéim í atá lán le samplaí praiticiúla agus le heiseamláirí a chuireann ar chumas an bhunmhúinteora an cur chuige cumarsáideach a chur i bhfeidhm.

In ainneoin gur baineadh úsáid as cur chuige eagraithe chun curaclam 1999 a chur i bhfeidhm sna scoileanna (Dunne 2020: 21), sa chritic scolártha a dhéantar ar churaclam 1999, tagraítear do bhearna áirithe idir ‘aspiration’ agus ‘implementation’ (Stenson & Hickey 2018: 9). Cuireadh béim i gcuraclam 1999, mar shampla, ar na ceithre scil teanga – éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht – agus cuireadh treoirlínte ar fáil do mhúinteoirí maidir le scileanna léitheoireachta na bpáistí a fhorbairt trí léitheoireacht leabhar. Moladh, freisin, do mhúinteoirí feasacht teanga agus tuiscint na bpáistí ar an litriú a fhorbairt. Léiríonn taighde, áfach, gur bhain múinteoirí míbhrí áirithe as an téarma “cumarsáideach” agus dar le Nancy Stenson agus Tina Hickey (2018: 9), cuireadh an iomarca béime, sa seomra ranga, ar fhorbairt scileanna labhartha seachas ar fhorbairt chomhtháite na scileanna teanga go léir.

I bhfianaise a gcuid taighde, áitíonn Stenson agus Hickey go raibh neamhaird á tabhairt ag múinteoirí ar an díchódú a mhúineadh ar bhealach córasach sa Ghaeilge agus ar an ábhar sin nach raibh feasacht fhóineolaíoch (an cumas fuaimeanna in abairtí agus i bhfocail a aithint agus a úsáid) á forbairt i bpáistí (Stenson agus Hickey 2018: 11). Sa chomhthéacs sin, is fiú a chur san áireamh, go ndearna Aodán Mac Suibhne, i gcomhar le Rita Ní Cholmáin agus Daire Mac Pháidín, iarracht freastal ar an mbearna aitheanta sin chomh fada siar leis an mbliain 2006. Sa bhliain sin, chomhscríobh siad clár litríthe grádaithe do Folens: *Fuaimeanna agus Focail 2-6*, clár ar cuireadh an dara heagrán de ar fáil sa bhliain 2014. Ba é Aodán Eagarthóir Comhairleach an chláir go léir. Trí fhocail a ghrúpáil de réir na bhfuaimeanna a dhéanann litreacha, agus trí ghníomhaíochtaí taitneamhacha a chur ar fáil do pháistí, déanann na leabhair shaothair sin iarracht béim a chur ar an litriú agus ar an bhfeasacht fhóineolaíoch.

Sonraíonn Claire M. Dunne an neamhaird a tugadh i scoileanna ar scileanna léitheoireachta Gaeilge, freisin, sna blianta i ndiaidh do churaclam 1999 teacht ar an bhfód. Tagraíonn sí do thuairisc ón gCigireacht (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 2007) a shonraigh an easpa béime ar mhúineadh foirmiúil scileanna léitheoireachta Gaeilge sna scoileanna (Dunne 2020: 13). Is spésiúil, sa chomhthéacs sin, gur fhoilsigh Folens *Am Don Léamh 1-6* sa bhliain 2008 – bliain i ndiaidh thuairisc na Cigireachta. Ba é Aodán Eagarthóir Comhairleach na sraithe arís agus Údar an leabhair

do Rang a Trí. Leabhair léitheoireachta is ea iad ina bhfuil meascán de théacsanna curtha ar fáil in éineacht le gníomhaíochtaí a bhfuil d'aidhm acu tuiscint agus cumas litrithe a fhorbairt. Toisc téacsanna liteartha a bheith san áireamh sa tsraith, cuireann na leabhair le feacht chultúir an pháiste agus toisc téacsanna feidhmiúla (ábhartha do ghnáthshaol an pháiste) a bheith san áireamh, cothaítear an léitheoireacht ar bhealach bríoch. Is sampla í an tsraith ina hiomláine den tslí a ndearna Aodán iarracht an bhearna idir ard-aidhm an churaclaim agus cur i bhfeidhm an churaclaim a líonadh ar bhealach praiticiúil mar aifhreachair ar an taighde ba dhéanaí.

### Foilseacháin don Cháilíocht sa Ghaeilge

Mar atá rianaithe ag Peadar Mac Giolla Bhríghde in alt eile sa chnuasach seo, bíonn ar mhúinteoirí a fhaigheann a gcáilíochtaí oideachais thar lear an Cháilíocht sa Ghaeilge a bhaint amach chun an t-easnamh curaclaim sa Ghaeilge a bhíonn orthu a choigeartú. Tháinig méadú suntasach ar líon na múinteoirí a bhí ag iarraidh an Cháilíocht sa Ghaeilge a bhaint amach ón mbliain 2000 ar aghaidh. Tar éis dul trí phróiseas tairisceana iomaíoch, iarradh ar Institiúid Oideachais Marino gach gné den Cháilíocht sa Ghaeilge a réachtáil. Ina theannta sin, chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maoiniú ar fáil chun ábhar tacaíochta a chur ar fáil a dhéanfadh freastal ar an éileamh do chúnamh a bhí ag teacht ó iarrthóirí ag an am. Idir 2004 agus 2009, faoi stiúir Aodáin, d'fhoilsigh Rannóg na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino, cúig fhoilseachán shubstantiúla éagsúla: *Beatha Teanga: An Irish Language Course for Beginners: Primary Teachers* (2004); *Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (2005); *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (2006); *Í a Labhairt: Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile* (2008) agus *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (2009). Rinne Aodán eagarthóireacht orthu go léir agus ba chomhúdar é ar cheithre cinn acu.

Is éard atá in *Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (2005) agus *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (2006) ná an chéad ábhar foghlama (389 leathanach agus dhá dhlúthdhiosca san iomlán) a cuireadh ar fáil don Cháilíocht sa Ghaeilge (SCG). Cuimsíonn an t-ábhar tacaíochta an siollabas teanga (scríbhneoireacht, cluastuiscint, léamhthuiscint agus labhairt), agus an siollabas litríochta, agus tá an t-ábhar go léir ailínithe le leibhéal (B1 / B2) de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha. Sa bhliain 2005, bhí ar iarrthóirí ar an gCáilíocht sa Ghaeilge tabhairt faoi ghnéithe praiticiúla sa seomra ranga den chéad uair riamh. Cuireadh treoirilínte, nótaí agus

eiseamláirí ar fáil sa dá fhoilseachán do "An Ghné Phraiticiúil de Mhúineadh na Gaeilge" agus don chomhad "Teanga agus Cultúr" – ina mbíonn ar iarrthóirí ábhar don Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) a ullmhú bunaithe ar rian áitiúil chun gnéithe den fheacht chultúir agus den Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Tharraing Aodán ar a thaithí leathan agus an t-ábhar tacaíochta sin á chur le chéile aige agus tá léargas ar leith sa chuid a bhaineann le Múineadh na Gaeilge ar theoric agus ar mheicnic an chur chuige chumarsáidigh lena bhéim ar an taitneamh agus ar an síorbhogadh i dtreo na fíorchumarsáide. Tá na codanna de na foilseacháin a scríobh Aodán fréamhaithe i dtaighde ar an teangeolaíocht, ar shealbhú na teanga, ar thumoideachas agus ar mhodheolaíochtaí teagaisc ach tá siad lán le samplaí praiticiúla agus le heiseamláirí do chur i bhfeidhm na teoirice, freisin.

Díríonn *Beatha Teanga: An Irish Language Course for Beginners: Primary Teachers* (2004) le Daithí Ó Madáin, ar mhúinteoirí a thagann ón iasacht agus atá ina nglantosaiteoirí ar fhoghlaim na Gaeilge. Deich n-aonad atá ann agus i ngach aonad, tá ábhar a chlúdaíonn an foghlaimeoir sa seomra ranga in éineacht le teagascóir agus tá ábhar a chlúdaíonn an foghlaimeoir go neamhspleách leis / léi féin. Forlíonadh le *Beatha Teanga* (2004) is ea *Í a Labhairt: Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile* (2008) agus is réamhchúrsa é ar *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (2006). Tá an cúrsa in *Í a Labhairt* tógtha ar shé chomhrá éagsúla ina bhfoghlaimíonn an foghlaimeoir feidhmeanna teanga éagsúla agus foclóir faoi théamaí éagsúla. Cabhraítear leis an bhfoghlaimeoir fásta feacht chultúir agus teanga a chothú le gníomhaíochtaí bunaithe ar logainmneacha agus ar sheanfhocail na Gaeilge.

Faoi mhaolú ó Chomhairle na hEorpa don Aitheantas ar Cháilíochtaí Gairmiúla, d'iarr an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Chomhairle Mhúinteoireachta ar Institiúid Oideachais Marino, an dara bealach a chur ar fáil d'iarrthóirí a chuirfeadh ar chumas múinteoirí a fhaigheann a gcáilíochtaí oideachais thar lear "tréimhse oiriúnaithe" a dhéanamh chun an Cháilíocht sa Ghaeilge a bhaint amach. Tugtar "Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG)" ar an bpróiseas malartach sin agus bíonn rogha ag iarrthóirí SCG nó OCG a dhéanamh. Bhí ar Institiúid Oideachais Marino, faoi stiúir Aodáin, siollabas agus ábhar tacaíochta nua a scríobh don tréimhse oiriúnaithe agus foilsíodh an t-ábhar sin in *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (2009). I measc na nuálacha sa siollabas sin, tá plé ar phictiúir sa mheasúnú ar an teanga labhartha; ceisteanna den stíl

ilroghnach sa Triail Chluastuisceana agus ceisteanna i dtaca le “teanga don mhúineadh” agus le “teanga don chumarsáid neamhfhoirmiúil sa seomra ranga” ar an Triail Scríofa. Tá béim ar fhorbairt chomhtháite na gceithre scil teanga agus ar scileanna do Mhúineadh na Gaeilge agus é d’aidhm ag an leabhar cur ar chumas an iarrthóra a bheith in ann feidhmiú trí Ghaeilge, mar úsáideoir neamhspleách, ina s(h)aol pearsanta agus i ngach gné dá s(h)aol gairmiúil mar mhúinteoir.

Is fiú a chur san áireamh, freisin, gur foilsíodh dlúthdhioscaí leis na leabhair go léir a cuireadh ar fáil don Cháilíocht sa Ghaeilge. Is cruthúnas iad sin, b’fhéidir, ar an gcúram a dhéanann Aodán do scileanna éisteachta agus do scileanna cluastuisceana ina shaothar go léir agus ar an tús áite a thugann sé don éisteacht mar scil teanga agus mar thúsphointe don chumarsáid. Gné eile dá shaothar scríbhneoireachta gur fiú a lua i gcomhthéacs na Cáilíochta sa Ghaeilge ná na hait go léir a chomhscríobh sé, thar na blianta, d’iarrthóirí ar an gCáilíocht sa Ghaeilge agus a foilsíodh sa mhíosachán *InTouch*. Is tuairiscí soiléire iad go léir a bhfuil d’aidhm acu eolas tráthúil agus cúnamh rialta a chur ar fáil d’iarrthóirí ar an gCáilíocht sa Ghaeilge.

Is beag taighde atá déanta ar éifeacht nó ar thionchar na bhfoilseachán sin go léir ach is cinnte go bhfuil úsáid fhorleathan bainte astu le seacht mbliana déag anuas. Ón mbliain 2005, tá os cionn 3,500 cóip de na leabhair don Cháilíocht sa Ghaeilge díolta ag Institiúid Oideachais Marino. Ní hionann díolacháin agus tionchar, ar ndóigh, ach is cinnte nach féidir tionchar forleathan a imirt gan scaipeadh suntasach a bheith ar leabhar. Is fiú a chur san áireamh, freisin:

- go mbíonn na lámhleabhair *Beatha Teanga: An Irish Language Course for Beginners: Primary School Teachers* agus *Í a Labhairt: Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile* in úsáid ag teagascóirí le bunmhúinteoirí imirceacha mar chuid de chúrsa do thosaitheoirí a chuireann Coláiste na Rinne ar fáil i gcomhar le hOifig na gCáilíochtaí Gaeilge agus le *The Migrant Teacher Project*, Institiúid Oideachais Marino;
- go mbaintear úsáid as *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d’Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* mar chroí-ábhar ar mhodúil Ghaeilge ar chlár éagsúla in Institiúid Oideachais Marino;
- go bhfuil *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d’Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* luaithe ar liostaí léitheoireachta i lámhleabhair chéime Choláiste Mhuire gan Smál (Mary Immaculate College 2015: 37), agus,
- go mbaineann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge úsáid as codanna

de *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d’Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* ar a gcúrsaí Gaeltachta do mhic léinn oideachais.

### **Siollabais agus Ábhar Foghlama do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht**

Ón mbliain 2010, tá cúig fhoilseachán éagsúla curtha ar fáil ag Grúpa Oibre na nInstitiúidí Oideachais do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais: *Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht don Chomhairle Mhúinteoireachta* (2012); *Na Siollabais Oifigiúla do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais* (2013); *Na Siollabais Oifigiúla do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais [Athbhreithnithe]* (2019); *Na Siollabais Oifigiúla do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais [Oiriúnaithe do Chúrsaí ar Líne]* (2021); agus *Ábhar Tacaíochta. Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht. Mic Léinn Oideachais* (2014). Bhí ról ceannaireachta ag Aodán Mac Suibhne sna foilseacháin sin go léir. Tá cúlra agus comhthéacs na bhfoilseachán pléite ag Seán de Brún agus Máire Nic an Bhaird ina n-alt siúd sa leabhar seo. Ar an ábhar sin, is leor a rá anseo gur freagra a bhí sna foilseacháin ar athruithe polasaí náisiúnta Gaeilge agus Oideachais (Rialtas na hÉireann 2010: 12; An Chomhairle Mhúinteoireachta 2011: 11). Is léiriú sonraíoch iad, freisin, ar an mbéim a chuireann Aodán ar an gcomhoibriú ina chuid oibre. Idir 2012 agus 2021, d’oibrigh sé go dlúth leis na páirtithe leasmhara – An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta; Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh (CONCOS), na Coláistí Gaeltachta agus na nInstitiúidí Oideachais – agus thug sé ról dóibh go léir i ndearadh agus in athbhreithniú na siollabas nua. Leanadh próiseas a bhí bunaithe go hiomlán ar an gcomhpháirtíocht, ar an éisteacht ghníomhach le haischothú, agus ar an bpiarmheasúnú.

Is é an toradh atá ar an obair sin ná siollabais agus ábhar tacaíochta a bhfuil úinéireacht ag na páirtithe leasmhara go léir orthu ach atá fréamhaithe sa taighde is déanaí (feic Ó Laoire 2016; Ní Dhiorbháin 2014, mar shampla). I measc na mbuntáistí is mó a bhaineann leo, tá:

- go gcuireann na siollabais struchtúr cinnte ar fáil do na Coláistí Gaeltachta maidir le gnáth-lá na mac léinn oideachais agus iad ar Thréimhse Foghlama sa Ghaeltacht;
- go gcuireann ábhar na siollabas béim ar an ngnáthchomhrá nádúrtha, ar an gcultúr comhaimseartha, ar an ngné chruthaitheach, ar cheantar na Gaeltachta, ar shaol gairmiúil an mhúinteora, ar chluichí clóis, ar scileanna teagaisc agus ar Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) (2019: 10, 28);
- go cuirtear béim ar an bhfoghlaim thascbhunaithe (Harris agus Ó

Duibhir 2011: 18) trí úsáid a bhaint as Fillteán Foghlama – fillteán atá bunaithe ar an *European Language Portfolio* (Little 2002), agus,

- go dtugtar ról don mhac léinn (tríd an bhféinmheastóireacht), don Choláiste Gaeltachta (tríd an tuairisciú) agus don Institiúid Oideachais (trí ghnáth-scrúduithe) i ngnéithe éagsúla de mheasúnú na mac léinn.

### Leabhrán Cuimhneacháin

Mar a luadh thuas, chuir Aodán tús lena ghairm scríbhneoireachta le tráchtas ar stair sheachtrach na litríochta ag tréimhse na hathbheochana teanga. Sholáthair Comóradh Céad Bliain Éirí Amach na Cásca 1916 deis dó a chomhghleacaithe agus a mhic léinn a spreagadh chun taighde a dhéanamh ar an tréimhse chéanna, agus, ar an 10 Márta, 2016, i gcomhar leis na baill go léir de Rannóg na Gaeilge, d'eagraigh sé *Gairm na bPíarsach*. B'ócáid shóisialta chuimhneacháin í sin inar roinn cainteoirí éagsúla ó phobal Institiúid Oideachais Marino idir scéalta pearsanta agus thaighde foirmiúil ar ghnéithe éagsúla de 1916. Labhair Aodán féin faoi Eibhlín Nic Niocaill agus phléigh sé an caidreamh a bhí ag Pádraig Mac Piarais léi sula bhfuair sí bás go hanabai ar na Blascaodaí. I ndiaidh na hócáide, rinne sé comheagarthóireacht ar na cainteanna go léir agus cuireadh ar fáil iad i leabhrán cuimhneacháin: *Gairm na bPíarsach: Comóradh Céad Bliain Éirí Amach 1916*. Is léiriú é an leabhrán sin ar an spéis atá ag Aodán san oidhreacht agus sa stair agus ar an meas atá aige ar an bhfís a bhí ag ceannairí 1916 do thodhchaí na Gaeilge sa tír. Ba chomhtharlú deas é gur shroich beartán na leabhrán Institiúid Oideachais Marino ó na clódóirí ar an 10 Samhain – lá breithe Phádraig Mhic Phiarais! Is í seo an inscríbhinn atá ar an gcóip den leabhrán a thug sé don údar ar an lá sin: "Do Mharie. Saolaíodh an leabhar seo ar lá breithe Phádraig Mhic Phiarais, an 10 Samhain, 2016. Le gach dea-ghuí, Aodán Mac Suibhne."

### Píosaí Cruthaitheacha

Sula gcuirfear clabhsúr leis an aiste seo, ba mhaith liom blaiseadh beag a thabhairt do léitheoirí ar na píosaí scríbhneoireachta cruthaitheacha a chuir Aodán ar fáil thar na blianta. Tá taithí ag lucht aitheantais Aodáin ar an bhféith iontach den ghreann atá ann agus is féidir gurb iad na píosaí cruthaitheacha seo is fearr a léiríonn an ghné spráúil sin ina chuid scríbhneoireachta. Bíonn ar iarrthóirí ar an gCáilíocht sa Ghaeilge píosa léitheoireachta a dhéanamh gach bliain mar chuid dá Scrúdú i Labhairt na Gaeilge agus is é Aodán a scríobhann na píosaí léitheoireachta sin. Foilsítear na píosaí ar shuíomh idirlín na Cáilíochta sa Ghaeilge tar éis na scrúduithe gach bliain. Is geall

le sobaldráma leanúnach iad cuid acu a léiríonn tuiscint ar an gcoinníoll daonna agus ar an gcaidreamh pearsanta. Is fiú féachaint anseo ar shampla. Is dócha go dtugann an teideal 'Ciúnas' an-chuid eolais faoi chaidreamh na lánúine Gaillimhí sa phíosa léitheoireachta seo i gCanúint Chonnacht ó Earrach, 2020:

### Ciúnas

Bhain Peadar an-taitneamh as an gcuid is mó den deireadh seachtaine a chaith sé i mBaile Átha Cliath lena chailín, Cáit. Bhuaigh Gaillimh an cluiche i bPáirc an Chrócaigh, chonaic sé trálaer álainn i mBinn Éadair, bhí an t-óstán go deas agus bhí an béile sa bhialann go hálainn. Ní raibh a chailín Cáit sásta, áfach. Bhí sí an-chiúin i rith an bhéile. Bhí an turas ar ais go Gaillimh an-chiúin freisin.

"Céard eile is gá dom a dhéanamh?" arsa Peadar léi agus iad an-ghar do chathair na Gaillimhe.

"Pá seachtainiúil don phost sin atá agam sa siopa éisc fuar sin. Mura dtugann tú dom é, is féidir leat cúntóir siopa eile a fháil." (Mac Suibhne 2006-2022: Earrach, 2020).

Bíonn an fhorbairt a thagann ar na carachtair ó bhliain go bliain thar a bheith spésiúil, leis, agus cé gur deacair a rá an mairfidh an caidreamh atá pléite sa sliocht thuas, b'ábhar faoisimh é a léamh i bpíosa ó Earrach, 2021, go raibh an príomhcharachtar, in ann géilleadh agus a locht a admháil!

Chomh maith le píosaí próis, cumann Aodán píosaí filíochta, freisin. Mar chuid den ábhar tacaíochta a cuireadh ar fáil do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht, mar shampla, chuir Aodán samplaí fileata ar fáil chun cuidiú le múinteoirí an ghné chruthaitheach a mhúineadh do mhic léinn oideachais. Tá dóchas agus óg-mheanma le léamh ar an dán acrastach seo uaidh faoi dhrochaimsir:

### Aimsir

An bháisteach ag titim agus uisce

I

Mo bhróga.

Seans go mbeidh sé tirim amárach.

Is maith an scéalaí an aimsir.

Rithfidh mé.

(Grúpa Oibre na nInstitiúidí Oideachais 2014: 52)

Agus tá greann áitiúil iarthar na hÉireann sa tuairisc seo ar an tslí ar briseadh croí Gaillimheach i gContae Mhaigh Eo:

### **Maigh Eo**

**Maighdean mhara**

**A** chonaic mé agus mé i Maigh Eo.

**I**asc a shíl mé a bhí ann ar dtús,

**G**ruaig fhada órga, í chomh

**h**álainn.

**E**agla níor bhuail mé. Mheall sí mé.

**O**chón! Ochón! D'imigh sí uaim.

(Grúpa Oibre na nInstitiúidí Oideachais 2014: 52)

Is é an meas atá aige ar áilleacht na háite is ansa leis in Éirinn a thagann chun cinn sa cheann seo faoina áit dúchais:

### **Conamara**

**C**urach dhubh le hais na céibhe,

**O**ileáin Árann ag bun na spéire,

**N**a Beanna Beola mar chúlbhrat maorga,

**A**n portach rua ag bun an tsléibhe.

**M**óin ann fós ag binn an tí,

**A**n fharraige romham a thugadh gach aon ní,

**R**aidió na Gaeltachta is SBB,

**A**n Ghaeilge beo i measc na ndaoine.

(Grúpa Oibre na nInstitiúidí Oideachais 2014: 52)

Seans nach mbeidh móin ag binn an tí ar feadh i bhfad eile i gConamara, ach táthar ag súil leis go n-aimseoidh Aodán an t-am chun níos mó oibre den chineál sin a chur ar fáil sna blianta atá roimhe amach.

### **Clabhsúr**

Agus a thráchtas máistreachta á scríobh aige, ní raibh teacht ag Aodán Mac Suibhne, ná ag aon mhac léinn eile ag an am, ar ríomhairí – lena n-uirlisí foclóireachta agus eagarthóireachta go léir – agus bhí air a thráchtas máistreachta a lámhscríobh agus a thabhairt ansin do chlósscríobhaí gairmiúil chun é a chlósscríobh ar chlósscríobhán láimhe. Cé a chreidfeadh, ag an am sin, go mbeadh ranganna bunscoile á dtabhairt ar líne ag múinteoirí bunscoile tríocha bliain ar aghaidh? Is iomaí athrú a tháinig ar an tírdhreach oideachais ón mbliain 1989 agus is iomaí casadh a bhí i dturas gairme Aodáin, freisin, sa tréimhse sin. I rith an ama go léir, áfach, níl amhras faoi, i bhfianaise na n-aistí atá cnuasaithe sa leabhar seo, ach go n-éiríonn leis

an dá thrá a fhreastal: éiríonn leis a bheith ina oide cumasach ina sheomra ranga féin agus éiríonn leis, freisin, a bheith ina scríbhneoir inniúil Gaeilge, scríbhneoir a dtéann a chuid foilseachán i gcion ar pháistí, ar mhic léinn oideachais agus ar mhúinteoirí cáilithe i go leor seomraí ranga eile ar fud na tíre.

### **Tagairtí**

An Chomhairle Mhúinteoireachta (2011, 2017) *Initial Teacher Education: Criteria and Guidelines for Programme Providers*. Maigh Nuad: An Chomhairle Mhúinteoireachta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1999) *Curaclam na Bunscoile. Gaeilge. Teanga*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1999) *Curaclam na Bunscoile. Gaeilge. Teanga. Treoirlínte do Mhúinteoirí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019) *Curaclam Teanga na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta [An Chigireacht] (2007) *Irish in The Primary School*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Dunne, C. M. (2020) *Learning and Teaching Irish in English-Medium Schools 1971-Present*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Grúpa Oibre ar an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht (2012) *Report of the Gaeltacht Placement Working Group to The Teaching Council / Dréacht-Thuarascáil ón nGrúpa Oibre ar an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht Curtha Faoi Bhráid na Comhairle Múinteoireachta*. Maigh Nuad: An Chomhairle Mhúinteoireachta.

Grúpa Oibre na nInstitiúidí Oideachais i gcomhar le CONCOS agus An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (2013, 2019, 2021) *Na Siollabais Oifigiúla do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais*. Foilsithe ar Líne: Grúpa Oibre na nInstitiúidí Oideachais i gcomhar le CONCOS agus An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ar fáil ag: <https://www.treimhsefoghlamasaghaeltacht.com/> [Léite: 6 Samhain, 2021].

Grúpa Oibre na nInstitiúidí Oideachais (2014) *Ábhar Tacaíochta. Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht. Mic Léinn Oideachais*. Baile Átha Cliath: Grúpa Oibre na nInstitiúidí Oideachais.

Harris, J. agus Ó Duibhir, P. (2011) *Effective Language Teaching: A Synthesis of Research*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Little, D. (2002) 'The European Language Portfolio: Structure, Origins, Implementation and Challenges.' In: *Language Teaching* 35.3: 182-9.

Mac Suibhne, A. (1990-2022) Feic: Foilseacháin Aodáin Mhic Shuibhne, thíos.

Mary Immaculate College (MIC) (2015) *Bachelor of Education in Education and Psychology Year 1, Semester 1: Course Handbook Autumn 2015*. Luimneach: Coláiste Mhuire gan Smál.


McCanney, C. J. (2014) 'Ré Nua.' In: *Fadó, Fadó: Irish Memory*. Foilsithe ar líne. Ar fáil ag: <http://irishmemory.blogspot.com/2014/01/re-nua-1990.html> [Léite: 6 Samhain, 2021].

Ní Dhiorbháin, A. (2014) *Bain Súp As! Treoir Nua maidir le Múineadh na Gramadaí sa Bhunscoil*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Laoire, M. (2016) 'Tumoideachas agus FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha) i gComhthéacs Mhúineadh na Gaeilge i gCóras Oideachais na hÉireann.' In: Ó Ceallaigh, T.J. agus Ó Laoire, M. (Eagarthóirí) *An Tumoideachas: Bua nó Dua? An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Rialtas na hÉireann (2010) *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

Stenson, N. agus Hickey, T.M. (2018) *Understanding Irish Spelling: A Handbook for Teachers*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.



Íomhá: Rogha d'Foilseacháin Aodáin